



27.11.2018

TUAIRIM

ón gCoiste um Achainíocha

chuid an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla

ar an togra lena leasaítear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir le rialacháin agus coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman (2018/2080(INL))

Rapóirtéir don tuairim: Margrete Auken

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Tá iarrtha ag Parlaimint na hEorpa arís is arís eile go ndéanfaí nuashonrú ar Reacht an Ombudsman sula dtiocfaidh deireadh leis an téarma reachtach, d'fhonn a áirithiú, i dtaca leis an sainordú nua, a thosóidh díreach i ndiaidh thoghcháin Parlaimint na hEorpa in 2019, go gcuimseofar aon dualgas nua nó modhnuithe ó thús an tsainordaithe.

Tá deich mbliana ann ón leasú deireanach ar an Reacht (in 2008) agus idir an dá linn, tháinig Conradh Liospóin i bhfeidhm. Le 10 mbliana anuas, rinneadh ról an Ombudsman a chomhdhlúthú agus a threisiú, a bhuíochas d'obair gan staonadh a rinne sealbhóirí na hoifige faoi seach. Tá réaltachtaí agus dúshláin nua romhainn faoi láthair agus tá ionchais nua ó shaoránaigh agus ón bParlaimint ann i líon príomhréimsí a bhfuil gá le feabhas orthu.

A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme an chirt bhunúsaigh chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, tá tugtha dá haire ag an bParlaimint go bhfuil an nós imeachta sin costasach agus fadálach agus go bhfuil ionadaíocht dhlíthiúil fhoirmiúil ag teastáil leis, cé go bhfuil an ceart ag saoránaigh achomharc a dhéanamh i leith diúltuithe nó diúltuithe páirteacha os comhair na Cúirte Breithiúnais. Dá bhrí sin, mhol Parlaimint na hEorpa i rúin éagsúla gur cheart go mbeadh an tOmbudsman in ann cinntí ceangailteacha a ghlacadh maidir le cásanna a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid chun an éifeacht is mó is féidir a thabhairt do rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Aontais Eorpaigh.

Tá gá le soiléirithe freisin chun béim a leagan ar an bhfíoras go gcuirtear ceangal ar oifig an Ombudsman faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid institiúidí AE, agus dá bhrí sin, baintear amach toimhdí rúndachta do chineálacha áirithe faisnéise.

Moltar leasuithe chun a áirithiú go roinnfear faisnéis a aicmítear mar fhaisnéis íogair i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 leis an Ombudsman i gcomhréir leis na rialacha slándála is infheidhme. Chun éifeachtúlacht fhiosrúcháin an Ombudsman a chur chun cinn, nuair a sholáthraíonn foireann AE teistiméireachtaí, ba cheart é sin a dhéanamh i dtimpeallacht atá saor ó oibleagáidí na rúndachta gairmiúla.

Moltar soiléirithe chun a áirithiú go measfar mainneachtain nó moill iomarcach ar pháirt institiúidí an Aontais breithiúnais CBAE a chomhlíonadh mar fhoinsí drochriaracháin¹. Tugtar soiléiriú freisin ar roinnt na n-inniúlachtaí agus ar chomhoiriúnacht nósanna imeachta idir an tOmbudsman agus na breithiúna, agus déantar athruithe sna Reachtanna chun a áirithiú go mbeidh an fhéidearthacht ag an Ombudsman idirghabháil a dhéanamh i gcásanna dlí roimh an gCúirt Bhreithiúnais ar an mbealach céanna le hinstitiúidí eile AE.

Déantar athruithe freisin chun a áirithiú go mbeidh de cheart ag an Ombudsman teacht os comhair Parlaimint na hEorpa i gcás inarb iomchuí, lena n-áirítear in éineacht le hinstitiúidí eile a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar fiosrúcháin shonraigh nó straitéisigh.

Ar deireadh, i réimsí íogaire amhail cosaint sceithirí nó ciapadh san ionad oibre, ar féidir leo a

¹ Sainmhíniú ar dhrochriarachán ó Jacob Söderman, an chéad Ombudsman Eorpach: *'Tarlaíonn drochriarachán nuair a mhainníonn ar chomhlacht poiblí gníomhú i gcomhréir le rialail nó prionsabal atá ina cheangal air'*.

bheith ina bhfoinsí drochriaracháin mura gcaitear i gceart leo ar pháirt institiúidí, ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí AE, déantar moltaí chun a áirithiú go mbeidh ról comhairleach ag an Ombudsman sna cásanna sin, le méadú comhfhreagrach ar acmhainní a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar thoradh air sin.

I gcás an chiaptha san ionad oibre, moltar athruithe chun a áirithiú go mbeidh an tOmbudsman in ann fiosrúcháin a chur ar bun chun súil a chaitheamh ar an mbealach a gcuirtear beartais frithchiaptha i bhfeidhm sa chleachtas agus moltaí a dhéanamh de réir mar is iomchuí. D'fhéadfaí comhairle a chur ar fhoireann AE freisin, a bhraitheann go bhfuil siad á gciapadh. D'fhéadfaí nós imeachta luathaithe do chásanna gnéaschiaptha a bheartú freisin - arís, bheadh an tseirbhís sin ag brath ar na hacmhainní iomchuí a bheith ar fáil.

A mhéid a bhaineann le cosaint sceithirí, tá fiosrúcháin seolta ag an Ombudsman cheana féin ar na beartais cosanta sceithirí atá ag naoi bpríomhinstitiúid AE. Tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh sí fós in ann é sin a dhéanamh ach freisin comhairle a sholáthar do sceithirí ionchasacha maidir le conas is féidir iad a chosaint i gcás nochta a théann chun leasa an phobail agus maidir leis an méid is féidir iad a chosaint. Dá dtiocfadh Rialachán AE maidir le sceithireacht i bhfeidhm, bheifí ag súil leis go mbeadh an tOmbudsman in ann seirbhís comhairle a chur ar fáil freisin do shaoránaigh AE nach mbeadh cinnte an mbeadh feidhm ag Rialachán AE maidir le sceithireacht maidir leo.

Déantar tagairt ar leith don ghá atá le faireachán réamhghníomhach a dhéanamh ar choinbhleachtaí leasa féideartha. Ní mór neamhchlaontacht a áirithiú agus is tasc é sin atá faoi chúram an Ombudsman.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Achainíocha ar an gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Reacht an Ombudsman Teideal

An téacs mar atá

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman(1).

Leasú

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman(1).

Réasúin

Is gníomh reachtach ceangailteach nua é seo i bhfoirm Rialacháin, de réir fhorálacha Chonradh Liospóin.

Leasú 2

Reacht an Ombudsman

Lua 1

An téacs mar atá

Ag féachaint do na Conarthaí ag bunú na **gComhphobal** Eorpach, agus go háirithe d’Airteagal **195(4)** den Chonradh ag bunú an **Chomhphobail** Eorpaigh agus d’Airteagal **107d(4)** den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Leasú

Ag féachaint do na Conarthaí ag bunú **an Aontais Eorpaigh**, agus go háirithe d’Airteagal **228(4)** den Chonradh ag bunú an **Aontais** Eorpaigh agus d’Airteagal **106a(1)** den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Réasúiní

Athraigh “Comhphobal” chuig “Aontas” ar fud an téacs - á oiriúnú do chóras ainmnithe reatha na gConarthaí.

Leasú 3

Reacht an Ombudsman

Aithris 1 a (nua)

An téacs mar atá

Leasú

De bhri go ndéantar foráil sna conarthaí bunreachtúla d’institiúid an Ombudsman, tá sé ríthábhachtach teanga inscne-neodrach a áirithiú ar fud na n-institiúidí uile agus dá bhri sin, meastar gur oiriúnaí Ombudsphearsa mar theideal na hinstiúide;

Réasúiní

Thug an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne sainmhíniú ar theanga inscne-neodrach mar theanga nach bhfuil inscne-shonrach agus a chuireann daoine san áireamh ar bhonn ginearálta, gan aon tagairt d’fhir agus mná. Is téarma cineálach é an téarma ‘teanga inscne-neodrach’, lena gcumhdaítear úsáid teanga neamhghnéasaíoch, teanga cuimsithí agus teanga atá cothrom ó thaobh inscne de. Is ann don teanga inscne-neodrach chun go seachnófaí focail a roghnú a d’fhéadfaí a léamh mar fhocail atá claonta, idirdhealaitheach nó táireach trína thabhairt le tuiscint gurb é an gnáthrud é tagairt a dhéanamh do cheann amháin de na gnéasanna nó d’inscne shóisialta. Trí úsáid a bhaint as teanga atá cothrom ó

thaobh inscne de agus atá cuimsitheach, cabhraítear le buansamhlú inscne a laghdú, cuirtear athrú sóisialta chun cinn agus rannchuidítear le comhionannas inscne a bhaint amach. Ós rud é go bhfuil bean anois sa phost den chéad uair, is féidir a rá go bhfuil an teideal Ombudsman dimheasúil.

Leasú 4

Reacht an Ombudsman Aithris 3

An téacs mar atá

De bhrí nach mór rochtain a bheith ag an Ombudsman, a fhéadfaidh gníomhú **ar** a thionscnamh féin freisin, rochtain a bheith aige ar na nithe go léir atá riachtanach i gcomhair chomhlíonadh **a** dhualgas; de bhrí, chun na críche sin, go bhfuil oibleagáid ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an **Chomhphobail**, arna **iarraidh sin dó**, aon **fhaisnéis a iarrann sé orthu** a sholáthar don Ombudsman gan dochar **d'oibleagáid an Ombudsman gan faisnéis den sórt sin a nochtadh**; de bhrí gur cheart go mbeadh rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid rúnda, go háirithe ar dhoiciméid íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001(2), faoi réir chomhlíonadh na rialacha ar shlándáil na hinstitiúide **Comhphobail** nó an chomhlachta **Comhphobail** lena mbaineann; de bhrí gur cheart do na hinstitiúidí nó do na comhlachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda mar atá luaite sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) an tOmbudsman a chur ar an eolas faoin rúndacht sin; de bhrí, maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2), gur cheart go mbeadh comhaontú déanta roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid nó leis an gcomhlacht lena mbaineann maidir leis na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda **agus le faisnéis eile atá clúdaithe faoi oibleagáid**

Leasú

De bhrí nach mór rochtain a bheith ag an Ombudsman, a fhéadfaidh gníomhú ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin freisin, ar na nithe go léir atá riachtanach i gcomhair chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas; de bhrí, chun na críche sin, go bhfuil oibleagáid ar institiúidí agus ar chomhlachtaí an **Aontais**, **arna iarraidh sin**, aon fhaisnéis **a iarrtar** a sholáthar don Ombudsman gan dochar **dá oibleagáidí nó dá hoibleagáidí faoi Rialachán Uimh. 1049/2001**; de bhrí gur cheart go mbeadh rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid rúnda, go háirithe ar dhoiciméid íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001(2), faoi réir chomhlíonadh na rialacha ar shlándáil na hinstitiúide **Aontais** nó an chomhlachta **Aontais** lena mbaineann; de bhrí gur cheart do na hinstitiúidí nó do na comhlachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda mar atá luaite sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2) an tOmbudsman a chur ar an eolas faoin rúndacht sin; de bhrí, maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 3(2), gur cheart go mbeadh comhaontú déanta roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid nó leis an gcomhlacht lena mbaineann maidir leis na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda; de bhrí, más rud é go measann an tOmbudsman nach bhfuil an cúnamh a iarrtar á fháil, go

na rúndachta gairmiúla; de bhrí, más rud é go measann an tOmbudsman nach bhfuil an cúnaimh a iarrtar á fháil, go gcuirfidh sé an méid sin in iúl do Pharlaimint an hEorpa, agus déanfaidh an Pharlaimint na huirill chuí;

gcuirfidh sé nó sí an méid sin in iúl do Pharlaimint an hEorpa, agus déanfaidh an Pharlaimint na huirill chuí;

Réasúinú

Déantar athruithe teangeolaíocha chun téacs níos neodraí ó thaobh inscne a chur ar fáil agus is ceart go mbeadh feidhm acu sin ar fud an téacs ina iomláine. Ar an dara dul síos, tá gá leis na leasuithe chun a shoiléiriú go bhfuil an tOmbudsman faoi cheangal ag Rialachán Uimh. 1049/2001 agus chun go seachnófaí go gcaithfí le rúndacht ghairmiúil mar chatagóir faisnéise ar leith a thiomhdítear ina leith go gcoinneofaí siar í.

Leasú 5

Reacht an Ombudsman Aithris 7

An téacs mar atá

De bhrí gur faoi Pharlaimint na hEorpa atá sé an tOmbudsman a cheapadh ag tús théarma a sainordaithe agus go ceann an téarma sin, agus é a roghnú as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad agus a thugann gach ráthaíocht riachtanach maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht;

Leasú

De bhrí gur faoi Pharlaimint na hEorpa atá sé an tOmbudsman a cheapadh ag tús théarma a sainordaithe agus go ceann an téarma sin, agus é nó í a roghnú as measc daoine ar saoránaigh den Aontas iad agus a thugann gach ráthaíocht riachtanach maidir le neamhspleáchas agus inniúlacht **agus nach mbeidh tar éis feidhm pholaitiúil a bheith acu ag leibhéal aireachta náisiúnta nó laistigh d'institiúidí na hEorpa;**

Leasú 6

Reacht an Ombudsman Aithris 10

An téacs mar atá

De bhrí gur cheart forálacha a leagan síos maidir le hoifigigh agus seirbhísigh rúnaíocht an Ombudsman a chabhróidh leis

Leasú

De bhrí gur cheart forálacha a leagan síos maidir le hoifigigh agus seirbhísigh rúnaíocht an Ombudsman a chabhróidh leis

agus maidir leis an mbuiséad don rúnaíocht sin; de bhrí gur cheart gur ag suíomh Parlaimint an hEorpa a bheidh suíomh an Ombudsman;

nó léi agus maidir leis an mbuiséad don rúnaíocht sin; de bhrí gur cheart gur ag **suíomh** Parlaimint an hEorpa a bheadh suíomh an Ombudsman;

Réasúnú

Chuir an suíomh reatha ar chumas an Ombudsman Eorpaigh a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go neamhspleách.

Leasú 7

Reacht an Ombudsman Aithris 11

An téacs mar atá

De bhrí gur faoin Ombudsman atá sé forálacha cur chun feidhme an Chinnidh seo a ghlacadh; **de bhrí gur cheart, ina theannta sin, forálacha idirthréimhseacha áirithe a leagan síos don chéad Ombudsman a cheapfar tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh AE;**

Leasú

De bhrí gur faoin Ombudsman atá sé forálacha cur chun feidhme an Chinnidh seo a ghlacadh;

Réasúnú

Níl gá leis an bhforáil idirthréimhseach seo a thuilleadh, toisc go bhfuil Conradh Liospóin i bhfeidhm cheana.

Leasú 8

Reacht an Ombudsman Airteagal 1 – mír 2

An téacs mar atá

2. Comhlíonfaidh an tOmbudsman a dhualgais i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar leis na Conarthaí d'institiúidí agus do chomhlachtaí Comhphobail.

Leasú

2. Déanfaidh an tOmbudsman **a dhualgais nó a dualgais** a fheidhmiú i gcomhréir leis na cumhachtaí arna mbronnadh ar institiúidí agus comhlachtaí **an Aontais** leis na Conarthaí, **go háirithe Airteagal 20.2(d), 24 agus 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais**

Eorpaigh agus Airteagal 41 agus Airteagal 43 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Déanfaidh an tOmbudsman a dhualgais nó a dualgais agus é mar aidhm leo lánurraim a áirithiú don cheart chun deariaracháin agus trédhearcachta agus daonlathais sa phróiseas cinnteoireachta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí AE.

Leasú 9

Reacht an Ombudsman Airteagal 1 – mír 3

An téacs mar atá

3. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman idiragairt a dhéanamh i gcásanna atá os comhair na gcúirteanna ná ní fhéadfaidh sé fóntacht rialaithe cúirte a cheistiú.

Leasú

3. Ní **fhéadfaidh** an tOmbudsman idiragairt a dhéanamh i gcásanna atá os comhair na gcúirteanna **náisiúnta agus** ní fhéadfaidh sé nó sí fóntacht rialaithe cúirte a cheistiú. **Féadfaidh an tOmbudsman idirghabháil a dhéanamh i gcásanna os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE), i gcomhréir le hAirteagal 40 de Reacht CBAE.**

Leasú 10

Reacht an Ombudsman Airteagal 2 – mír 2

An téacs mar atá

2. Féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláráithe aige i mBallstát de chuid an Aontais gearán a tharchur chuig an Ombudsman, go díreach nó trí Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, maidir le cás drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí nó comhlachtaí **Comhphobail**, cé is moite den Chúirt Bhreithiúnais agus den

Leasú

2. Féadfaidh aon saoránach den Aontas nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chónaíonn nó a bhfuil a oifig chláráithe aige i mBallstát de chuid an Aontais, gearán a tharchur chuig an Ombudsman go díreach nó go hindíreach nó trí Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, maidir le cás drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí nó comhlachtaí **Aontais**, cé is moite den Chúirt

Chúirt Chéadchéime ag gníomhú dóibh ina ról breithiúnach. Cuirfidh an tOmbudsman an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas a luaithe a tharchuirtear gearán **chuige**.

Bhreithiúnais agus den Chúirt Chéadchéime ag gníomhú dóibh ina ról breithiúnach. Cuirfidh an tOmbudsman an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas a luaithe a tharchuirfear gearán **chuige nó chuici, agus caighdeáin cosanta sonraí AE á gcomhlíonadh**.

Leasú 11

Reacht an Ombudsman Airteagal 2 – mír 4

An téacs mar atá

4. Déanfar gearán laistigh de **dhá** bhliain ón dáta a dtagann an duine a thaisceann an gearán ar an eolas faoi na fíorais ar a bhfuil an gearán bunaithe agus ní mór teagmháil iomchuí a bheith déanta roimh ré leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann.

Leasú

4. Déanfar gearán laistigh de **thrí** bliana ón dáta a dtagann an duine a thaisceann an gearán ar an eolas faoi na fíorais ar a bhfuil an gearán bunaithe agus ní mór teagmháil iomchuí a bheith déanta roimh ré leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann.

Réasúnú

Chun go mbeidh níos mó ama ag gearánaithe chun gearán a dhéanamh, ag cur an raon ama carnach reatha san áireamh san idirghabháil le hinstitiúidí.

Leasú 12

Reacht an Ombudsman Airteagal 2 – mír 7

An téacs mar atá

7. ***Nuair nach mór don Ombudsman, mar gheall ar imeachtaí dlíthúla atá ar siúl nó atá críochnaithe agus a bhaineann leis na fíorais atá curtha chun cinn, a dhearbhuí nach bhfuil gearán inghlactha nó breithniú an ghearáin a fhoirceannadh, déanfar toradh aon fhiosrúcháin atá déanta go dtí sin a chomhdú go cinntitheach.***

Leasú

7. ***Déanfaidh an tOmbudsman breithniú ar ghearán a chur ar fionraí agus na fíorais arna líomhain faoi réir imeachtaí dlíthiúla. Féadfaidh an tOmbudsman moltaí a thabhairt má thugtar le fios i dtorthaí gurb ionann agus drochriarachán mainneachtain ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais***

Leasú 13

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 2 – mír 8**

An téacs mar atá

8. Ní fhéadfar aon ghearán a dhéanamh chuig an Ombudsman a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile mura rud é go bhfuil leas bainte ag an duine lena mbaineann as na féidearthachtaí go léir i dtaca le hiarratais agus gearáin riaracháin inmheánaigh a thíolacadh, go háirithe na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne, agus go bhfuil na teorainneacha ama i gcomhair freagraí ón údarás a achainíodh amhlaidh tar éis dul in éag.

Leasú

8. Ní fhéadfar aon ghearán a dhéanamh chuig an Ombudsman a bhaineann leis an gcaidreamh oibre idir institiúidí agus comhlachtaí **Aontais** agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach eile mura rud é go bhfuil leas bainte ag an duine lena mbaineann as na féidearthachtaí go léir i dtaca le hiarratais agus gearáin riaracháin inmheánaigh a thíolacadh, go háirithe, ***i gás inarb infheidhme***, na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 90(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne, ***nó*** go bhfuil na teorainneacha ama i gcomhair freagraí ón údarás a achainíodh amhlaidh tar éis dul in éag, ***nó murar féidir le haon duine eile atá ag obair d'institiúidí an Aontais dul ar iontaoibh na nósanna imeachta sin mar gheall ar stádas. Féadfar foráil a dhéanamh d'eisceachtaí ar leith i gcásanna ciaptha, go háirithe i gcásanna gnéaschiaptha.***

Leasú 14

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 2 – mír 9**

An téacs mar atá

9. Déanfaidh an tOmbudsman an duine a thaisceann an gearán a chur ar an eolas a luaithe is féidir faoin ngníomh atá déanta aige ina leith.

Leasú

9. Déanfaidh an tOmbudsman an duine a thaisceann an gearán a chur ar an eolas a luaithe is féidir, ***agus tráth nach déanaí ná dhá mhí***, faoin beart atá déanta ina leith.

Leasú 15

Reacht an Ombudsman
Airteagal 2 – mír 9 a (nua)

An téacs mar atá

Leasú

9a. Féadfaidh an tOmbudsman a bheith faoi réir caingne mar gheall ar mhainneachtain gníomhú i gcomhréir le hAirteagal 265 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Leasú 16

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 1

An téacs mar atá

Leasú

1. Déanfaidh an tOmbudsman, ar a thionscnamh féin nó tar éis gearán a fháil, na fiosrúcháin go léir a sheoladh a **mheasann** sé údar maith a bheith leo chun aon drochamhras faoi dhrochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí agus agus **comhlachtaí** Comhphobail a shoiléiriú. **Cuirfidh sé gníomh den sórt sin in iúl don institiúid nó don chomhlacht lena mbaineann agus féadfaidh an institiúid nó an comhlacht sin aon bharúil úsáideach a chur faoina bhráid.**

1. **Tabharfar de chumhacht** don Ombudsman, ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó tar éis gearáin, **gach** fiosrúchán **a mheasann sé nó sí go bhfuil** údar maith leis chun aon drochriarachán amhrasta i ngníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an **Aontais** a shoiléiriú **gan gá le réamhúdarú. Aon institiúid nó comhlacht lena mbaineann, féadfar iad a chur ar an eolas in am trátha agus féadfar iarraidh orthu aon bharúil nó ábhar fianaise úsáideach a thíolacadh.**

Leasú 17

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 1 a (nua)

An téacs mar atá

Leasú

1a. Féadfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin féintionscnaimh a sheoladh,

gan dochar dá ghnáthchúraimí nó dá gnáthchúraimí a bhaineann le caitheamh le gearáin, ar fiosrúcháin iad a bhfuil nádúr níos straitéisí ag gabháil leo chun drochriarachán córasach a shainaithint agus a chomhrac agus chun na cleachtais riaracháin is fearr is féidir a chur chun cinn in institiúidí, oifigí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus chun dul i ngleic go réamhghníomhach le saincheisteanna struchtúrtha leasa phoiblí a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar dea-riarachán, trédhearcacht, agus ar phróiseas daonlathach cinnteoireachta.

Féadfaidh an tOmbudsman dul i mbun plé struchtúrtha agus rialta leis na hinstitiúidí agus comhairliúcháin phoiblí a eagrú lena mbaileofar ionchuir agus fianaise sula dtabharfar moltaí nó ag aon chéim ina dhiaidh sin, chomh maith le hanailísiú agus measúnú córasach a dhéanamh ar dhul chun cinn na hinstitiúide lena mbaineann.

Leasú 18

Reacht an Ombudsman Airteagal 3 – mír 2

An téacs mar atá

2. Beidh oibleagáid ar na hinstitiúidí agus ar na comhlachtaí **Comhphobail** aon fhaisnéis a iarrann **an** tOmbudsman orthu a sholáthar **dó** agus rochtain a thabhairt dó ar na comhaid lena mbaineann. Beidh rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid rúnda, go háirithe doiciméid íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, faoi réir chomhlíonadh na rialacha ar shlándáil na hinstitiúide **Comhphobail** nó an chomhlachta **Comhphobail** lena mbaineann.

Maidir leis na hinstitiúidí nó na comhlachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda mar atá luaite san fhomhír

Leasú

2. Beidh oibleagáid ar institiúidí agus ar chomhlachtaí **an Aontais** aon fhaisnéis a iarrann an tOmbudsman orthu a sholáthar dó nó di agus rochtain **a sholáthar** ar na comhaid lena mbaineann. Beidh rochtain ar fhaisnéis nó ar dhoiciméid rúnda, go háirithe doiciméid íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, faoi réir chomhlíonadh na rialacha ar shlándáil na hinstitiúide nó an chomhlachta **de chuid an Aontais** lena mbaineann.

Maidir leis na hinstitiúidí nó na comhlachtaí a sholáthraíonn faisnéis nó doiciméid rúnda mar atá luaite san fhomhír

sin roimhe seo, cuirfidh siad an rúndacht sin in iúl don Ombudsman.

Maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda **agus le haon fhaisnéis eile atá clúdaithe le hoibleagáid na rúndachta gairmiúla** comhaontaithe roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid nó leis an gcomhlacht lena mbaineann.

Ní thabharfaidh na hinstitiúidí nó na comhlachtaí lena mbaineann rochtain ar dhoiciméid de thionscnamh Ballstáit, ar doiciméid iad atá aicmithe le dlí nó le rialachán mar dhoiciméid shicréideacha ach amháin **i gcás ina mbeidh a aontú tugtha roimh ré ag an mBallstát sin.**

Tabharfaidh siad rochtain ar dhoiciméid eile de thionscnamh Ballstáit tar éis an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas.

Sa dá chás sin, i gcomhréir le hAirteagal 4, **ní fhéadfaidh an tOmbudsman ábhar na ndoiciméad sin a nochtadh.**

Ní mór d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile institiúidí agus comhlachtaí **Comphobail** fianaise a thabhairt arna iarraidh sin ag an **Ombudsman; leanfaidh siad de bheith faoi cheangal ag rialacha iomchuí na Rialachán Foirne, go háirithe a ndualgas maidir le rúndacht ghairmiúil.**

Leasú 19

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 3

roimhe seo, cuirfidh siad an rúndacht sin in iúl don Ombudsman **roimh ré.**

Maidir le cur chun feidhme na rialacha dá bhforáiltear sa chéad fhomhír, beidh na coinníollacha faoina ndéileáiltear le faisnéis nó doiciméid rúnda comhaontaithe roimh ré ag an Ombudsman leis an institiúid nó leis an gcomhlacht lena mbaineann.

Ní thabharfaidh na hinstitiúidí nó na comhlachtaí lena mbaineann rochtain ar dhoiciméid de thionscnamh Ballstáit, ar doiciméid iad atá aicmithe le dlí nó le rialachán mar dhoiciméid rúnda ach amháin **tar éis do sheirbhísí an Ombudsman bearta agus coimircí iomchuí a chur ar bun chun na doiciméid a láimhseáil, ar bearta agus coimircí iad lena n-áirithítear leibhéal coibhéiseach rúndachta, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán Uimh. 1049/2001 agus lena gcomhlíontar rialacha slándála institiúid nó chomhlacht an Aontais lena mbaineann.**

Tabharfaidh siad rochtain ar dhoiciméid eile de thionscnamh Ballstáit tar éis an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas.

Sa dá chás sin, i gcomhréir le hAirteagal 4, **ní mór don Ombudsman cur i bhfeidhm Rialachán Uimh. 1049/2001 a urramú.**

Ní mór d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile institiúidí, oifigí, chomhlachtaí agus ghníomhaireachtaí **an Aontais** fianaise a thabhairt arna iarraidh sin ag an Ombudsman;

3. Aon uair a ***iarrfaidh an tOmbudsman amhlaidh***, beidh údaráis na mBallstát faoi oibleagáid aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair maidir le soiléiriú a thabhairt ar chásanna drochriaracháin ag institiúidí nó ag comhlachtaí ***Comhphobail*** a sholáthar don Ombudsman, trí Bhuanionadaíochtaí na mBallstát chuig na ***Comhphobail Eorpacha, mura rud é go bhfuil an fhaisnéis sin clúdaithe le dlíthe nó rialacháin ar rúndacht nó le forálacha lena gcoiscítear í a chur in iúl. Mar sin féin, sa chás is deireanaí atá luaite, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann cead a thabhairt don Ombudsman an fhaisnéis sin a bheith aige ar choinnioll go ngeallann sé nach nochtfaidh sé í.***

3. Aon uair a ***iarrfar amhlaidh***, beidh údaráis na mBallstát faoi oibleagáid aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair maidir le soiléiriú a thabhairt ar chásanna drochriaracháin ag institiúidí nó ag comhlachtaí ***an Aontais*** a sholáthar don Ombudsman, trí Bhuanionadaíochtaí na mBallstát chuig an ***Aontas Eorpach***. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a cheadú don Ombudsman faisnéis ***a chumhdaítear le dlíthe nó rialacháin maidir le rúndacht a bheith aige nó aici, tar éis comhaontú maidir le láimhseáil iomchuí na faisnéise íogaire. Soláthrófar cur síos mionsonraithe ar an doiciméad in aon chás.***

Leasú 20

Reacht an Ombudsman Airteagal 3 – mír 4

4. Más rud é nach bhfaigheann sé an cúnamh ***a iarrann sé***, cuirfidh an tOmbudsman an méid sin in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus déanfaidh an Parlaimint na huiríll chuí.

4. Más rud é nach bhfaigheann an tOmbudsman an cúnamh ***arna iarraidh***, déanfaidh sé nó sí Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas, agus déanfaidh an Parlaimint na huiríll chuí, ***lena n-áirítear a áirithiú go mbeidh an tOmbudsman i láthair ag cruinnithe coiste agus cruinnithe nó éisteachtaí eile.***

Réasúnú

Lena lamhálfar go mbeidh an tOmbudsman i láthair tuilleadh sa Pharlaimint, ar rud é a bheartaítear cheana faoi Airteagal 220 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte¹.

¹ *Riail 220: Gníomhaíochtaí an Ombudsman*

Leasú 21

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 4 a (nua)

An téacs mar atá

Leasú

4a. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh nó féadfar iarraidh ar an Ombudsman go rachadh sé nó sí os comhair choiste freagrach na Parlaiminte maidir le dualgais an Ombudsman. I gcás ina mbaineann an iarraidh sin le fiosrúchán atá fós ar bun, féadfaidh an institiúid lena mbaineann a iarraidh go mbeadh sí in éineacht leis an Ombudsman, nó d'fhéadfaí a iarraidh uirthi a bheith in éineacht leis an Ombudsman.

Leasú 22

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 6

An téacs mar atá

Leasú

6. Má chinneann an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann, cuirfidh sé an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin agus, ***i gcás inarb iomchuí***, déanfaidh sé dréachtmholtaí. Déanfaidh an institiúid nó an comhlacht a chuirtear ar an eolas amhlaidh tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de thrí mhí.

6. Má chineann an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann, cuirfidh sé ***nó sí*** an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin agus déanfaidh sé nó sí dréachtmholtaí. Déanfaidh an institiúid nó an comhlacht a chuirtear ar an eolas amhlaidh tuairim mhionsonraithe a chur chuig an Ombudsman laistigh de thrí mhí.

2. Féadfaidh an tOmbudsman faisnéis a sholáthar don choiste freagrach freisin nuair a iarrann an coiste sin amhlaidh nó, féadfaidh an tOmbudsman éisteacht a fháil ón gcoiste sin, arna iarraidh sin ag an Ombudsman.

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 7

An téacs mar atá

7. **Déanfaidh** an tOmbudsman tuarascáil a chur ansin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann. Féadfaidh sé moltaí a dhéanamh **ina thuarascáil**. Cuirfidh an tOmbudsman an duine a thaisceann an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán, faoin tuairim arna léiriú ag an institiúid nó ag an gcomhlacht lena mbaineann agus faoi aon mholtaí arna ndéanamh ag an Ombudsman.

Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 8

An téacs mar atá

8. Ag deireadh gach seisiúin bhliantúil, cuirfidh an tOmbudsman tuarascáil ar thorthaí a chuid fiosrúchán faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa.

Leasú

7. **Féadfaidh** an tOmbudsman tuarascáil a chur ansin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann. Féadfaidh **an tOmbudsman** moltaí a dhéanamh **sa** tuarascáil. Cuirfidh an tOmbudsman an duine a thaisceann an gearán ar an eolas faoi thoradh na bhfiosrúchán, faoin tuairim arna léiriú ag an institiúid nó ag an gcomhlacht lena mbaineann agus faoi aon mholtaí arna ndéanamh ag an Ombudsman. ***I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh nó féadfar iarraidh ar an Ombudsman go rachadh sé nó sí os comhair sheisiúin iomlánach na Parlaiminte.***

Réasúiní

Iarracht chun a áirithiú go mbeidh leibhéal leordhóthanach acmhainní ann, maidir leis an nós imeachta a bheartaítear in Airteagal 11(2) den Reacht reatha maidir le líon an phearsanra atá ag obair don Ombudsman.

Leasú 25

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 3 – mír 8 a (nua)**

An téacs mar atá

Leasú

8a. Beidh sé de chumas ag an Ombudsman fianaise chomhthacaíoch maidir le mílámhseáil bhuiséad AE a thuairisciú chuig an Oifig Eorpach Frithchalaoise (OLAF) chun go ndéanfar tuilleadh imscrúdaithe agus chuig Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt as sin;

Leasú 26

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 4 – mír 1**

An téacs mar atá

Leasú

1. Beidh de cheangal ar an Ombudsman agus ar a fhoireann, a mbeidh feidhm ag Airteagal 287 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus ag Airteagal 194 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ina leith, gan aon fhaisnéis ná doiciméid a fhaigheann siad i gcúrsa a gcuid fiosrúchán a nochtadh. Ceanglófar orthu, go háirithe, gan aon fhaisnéis rúnda ná aon doiciméad a sholáthraítear don Ombudsman a nochtadh, go háirithe doiciméid íogaire de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001, nó doiciméid a thagann faoi raon feidhme reachtaíocht an Chomhphobail maidir le cosaint sonraí pearsanta, chomh maith le haon fhaisnéis a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don duine a thaisceann an

scriosta

gearán nó d'aon duine eile atá bainteach leis, ach sin gan dochar do mhír 2.

Réasúnú

Tá Rialachán Uimh. 1049/2001 ina cheangal ar an Ombudsman mar atá sé ar na hinstiúidí eile go léir agus dá bhrí sin, ba cheart é seo a leasú dá réir, in ionad eisceacht ar leith a chruthú d'fhiosrúcháin an Ombudsman.

Leasú 27

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 4 a (nua)**

An téacs mar atá

Leasú

Airteagal 4 a

1. Maidir le hiarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, déileálfaidh an tOmbudsman agus a fhoireann nó a foireann leo i gcomhréir leis na coinníollacha agus leis na teorainneacha dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001. I ndáil le gearáin maidir leis an gceart chun rochtain phoiblí a fháil ar dhoiciméid oifigiúla, déanfaidh an tOmbudsman moladh a eisiúint, i ndiaidh anailís chuí agus gach breithnithe is gá, maidir le scaoileadh na ndoiciméad sin, faoina gcuirfidh na hinstiúidí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht freagra laistigh de na hamchláir dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 1049/2001.

2. Mura leanann an instiúid lena mbaineann an moladh na doiciméid sin a sceitheadh, ní mór di údar iomchuí a thabhairt dá diúltú. Féadfaidh an tOmbudsman diúltú ar deireadh a chur ar aghaidh chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus a éileamh go gcuirfí an nós imeachta luathaithe dá bhforáiltear ina rialacha nós imeachta i bhfeidhm.

Leasú 28

Reacht an Ombudsman Airteagal 5 – mír 1

An téacs mar atá

1. A mhéid a bheidh sé ina chabhair maidir lena fhiosrúcháin a dhéanamh níos éifeachtúla agus a bheidh coimirce níos fearr ann le haghaidh chearta agus leasanna na ndaoine a chuireann gearáin faoi bhráid an Ombudsman, féadfaidh an tOmbudsman comhoibriú le húdaráis den chineál céanna i mBallstáit áirithe ar choinníoll go gcomhlíonann sé an dlí náisiúnta is infheidhme. Ní fhéadfaidh an tOmbudsman a éileamh, *tríd an meán sin*, doiciméid a fheiceáil nach mbeadh rochtain aige orthu faoi Airteagal 3.

Leasú 29

Reacht an Ombudsman Airteagal 5 a (nua)

An téacs mar atá

Leasú

1. A mhéid a bheidh sé ina chabhair maidir le fhiosrúcháin a dhéanamh níos éifeachtúla agus a bheidh coimirce níos fearr ann le haghaidh chearta agus leasanna na ndaoine a chuireann gearáin faoi bhráid an Ombudsman, féadfaidh an tOmbudsman comhoibriú le húdaráis den chineál céanna i mBallstáit áirithe ar choinníoll go gcomhlíonann siad an dlí náisiúnta is infheidhme. *Ar bhonn eisceachtúil*, féadfaidh an tOmbudsman a iarraidh doiciméid a fheiceáil *nach bhfuil rochtain orthu ar bhealach ar bith eile* faoi Airteagal 3.

Airteagal 5a

1. *Déanfaidh an tOmbudsman measúnuithe rialta ar na beartais agus athbhreithnithe ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí ábhartha AE i gcomhréir le hAirteagal 22 de na Rialacháin Foirne agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí nithiúla feabhsúcháin a leagan amach d'fhonn cosaint iomlán a áirithiú do sceithirí.*

2. *Féadfar dul i dteagmháil leis an Ombudsman chun faisnéis, comhairle neamhchlaonta agus saintreoir a thabhairt do sceithirí ionchasacha ar bhonn rúnda maidir le raon feidhme chur*

i bhfeidhm fhorálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tOmbudsman tús a chur le fiosrúcháin bunaithe ar an bhfaisnéis arna fáil, i gcás ina bhféadfadh na cleachtais a gcuirtear síos orthu a bheith mar bhunús don drochriarachán san Aontas. Chun go gcumasófar an chríoch sin, féadfar rialacháin foirne is infheidhme maidir le rúndacht a tharscaoileadh.

Leasú 30

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 5 b (nua)**

An téacs mar atá

Leasú

Airteagal 5b

- 1. Go tráthrialta, déanfaidh an tOmbudsman scrúdú ar na nósanna imeachta atá nasctha le gníomhaíocht riaracháin institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais agus déanfaidh sé nó sí measúnú ar a gcumas coinbhleachtaí leasa a sheachaint go héifeachtach, neamhchlaontacht a ráthú agus lán-urraim a áirithiú don cheart chun dea-riaracháin.***
- 2. Féadfaidh an tOmbudsman cásanna féideartha de choinbhleachtaí leasa ar gach leibhéal a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu, ar cásanna iad a d'fhéadfaidís a bheith ina bhfoinsí drochriaracháin, agus a ndéanfar conclúidí sonracha a tharraingt suas ina leith agus cuirfear an Pharlaimint ar an eolas maidir leis na torthaí ar an ábhar sin.***

Leasú 31

Reacht an Ombudsman Airteagal 6 – mír 2

An téacs mar atá

2. Roghnófar an tOmbudsman as measc daoine ar saoránaigh de chuid an Aontais iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitíochta acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, **a chomhlíonann na coinníollacha is gá chun an oifig bhreithiúnachta is airde ina dtír féin a fheidhmiú nó** a bhfuil inniúlacht agus taithí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman.

Leasú

2. Roghnófar an tOmbudsman as measc daoine ar saoránaigh de chuid an Aontais iad, a bhfuil lánchearta sibhialta agus polaitíochta acu, a thugann gach ráthaíocht neamhspleáchais, **nach raibh ina dTeachtaí de rialtais náisiúnta nó ina gComhaltaí nó Feisirí d’institiúidí an Aontais le trí bliana roimhe sin** agus a chomhlíonann na coinníollacha **neamhchlaonta** is gá chun **poist** breithiúnachta **ardleibhéil** ina dtír féin a bheith acu nó a bhfuil inniúlacht agus taithí aitheanta acu chun dul i mbun dhualgais an Ombudsman.

Leasú 32

Reacht an Ombudsman Airteagal 8

An téacs mar atá

Airteagal 8
Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, ar iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, Ombudsman nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha atá riachtanach le haghaidh chomhlíonadh a chuid dualgas nó atá ciontach i mí-iompar tromchúiseach a chur as oifig.

Leasú

Airteagal 8
Féadfaidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, **i ndiaidh éisteach sna coistí inniúla**, Ombudsman nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha atá riachtanach le haghaidh chomhlíonadh a chuid dualgas **nó a cuid dualgas** nó atá ciontach i mí-iompar tromchúiseach a chur as oifig.

Réasúnú

Céim amháin eile a chur leis an nós imeachta. Chun díospóireacht os comhair an phobail a áirithiú i bhfianaise nádúr na hinstitiúide agus an ról lárnach atá aici vis-à-vis saoránaigh AE. Ba cheart é seo a dhéanamh os comhair na hinstitiúide a bhfuil príomhfhreagracht aici as ceapadh an Ombudsman, eadhon an Parlaimint.

Leasú 33

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 11 – mír 1 a (nua)**

An téacs mar atá

Leasú

1a. Beidh sé mar aidhm ag an Ombudsman paireacht inscne a bhaint amach i gcomhdhéanamh na Rúnaíochta agus na foirne.

Réasúnú

Comhdú chun neodracht inscne a áirithiú ag oifig an Ombudsman, ar beartas é atá i bhfeidhm cheana de ghnáth.

Leasú 34

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 12 a (nua)**

An téacs mar atá

Leasú

Airteagal 12a

1. Ar mhodh tráthúil, déanfaidh an tOmbudsman scrúdú ar cibé an láimhseálann nó nach láimhseálann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais go leordhóthanach cásanna ciaptha de chineál agus de nádúr ar bith trí na nósanna imeachta dá bhforáiltear i ndáil le gearáin a chur i bhfeidhm go cuí. Déanfaidh an tOmbudsman conclúidí iomchuí ar an ábhar a tharraingt suas.

2. Laistigh den rúnaíocht, ceapfaidh an tOmbudsman duine nó struchtúr le saineolas i réimse an chiaptha a bheidh in ann, i gcás inarb iomchuí, comhairle a sholáthar d'fhoireann AE agus d'oibrithe eile. Déanfaidh an tOmbudsman measúnú ar na nósanna imeachta atá i bhfeidhm

chun cosc a chur ar aon chineál ciaptha laistigh d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, mar aon leis na sásraí chun pionós a ghearradh ar na daoine atá freagrach agus déanfaidh sé nó sí conclúidí iomchuí a tharraingt suas maidir leis na nósanna imeachta sin a bheith comhsheasmhach le prionsabail na comhréireachta, na leordhóthanachta agus an ghníomhaithe fhuinniúil, agus maidir lena soláthar cosanta agus tacaíochta éifeachtaí d'íospartaigh.

Leasú 35

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 13**

An téacs mar atá

Airteagal 13

Beidh suíomh an Ombudsman suite ag suíomh Pharlaimint na hEorpa.

Leasú

Airteagal 13

Beidh suíomh an Ombudsman suite ag **suíomh** Pharlaimint na hEorpa.

Réasúiní

Chuir an suíomh reatha ar chumas an Ombudsman Eorpaigh a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go neamhspleách.

Leasú 36

**Reacht an Ombudsman
Airteagal 15**

An téacs mar atá

Airteagal 15

Déanfar an chéad Ombudsman a bheidh le ceapadh tar éis theacht i bhfeidhm Chonradh AE a cheapadh go ceann an chuid den téarma parlaiminteach atá fágtha.

Leasú

scriosta

Réasúnú

Foráil atá imithe i léig.

Leasú 37

Reacht an Ombudsman Airteagal 17

An téacs mar atá

Airteagal 17

Foilseofar an **Cinneadh** seo in Iris Oifigiúil na **gComhphobal** Eorpach . Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe.

Leasú

Airteagal 17

Foilseofar an **Rialachán** seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe.

Réasúnú

Féach AM 1 agus AM 2. Is gníomh reachtach ceangailteach nua é seo i bhfoirm Rialacháin, de réir fhorálacha Chonradh Liospóin, ina gcuirtear an focal “Aontas” in ionad an fhocail “Comhphobal” agus dlíthiúlacht an fhocail sin.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	21.11.2018
Toradh na vótála críochnaithí	+: 16 -: 0 0: 8
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Margrete Auken, Beatriz Becerra Basterrechea, Andrea Cozzolino, Pál Csáky, Miriam Dalli, Eleonora Evi, Peter Jahr, Rikke-Louise Karlsson, Svetoslav Hristov Malinov, Lukas Mandl, Notis Marias, Ana Miranda, Miroslavs Mitrofanovs, Marlene Mizzi, Gabriele Preuß, Eleni Theocharous, Cecilia Wikström
Comhaltai ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Urszula Krupa, Kostadinka Kuneva, Julia Pitera, Ángela Vallina
Comhaltai ionaid faoi Riail 200(2) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Asim Ademov, Adam Szejnfeld, Mihai Țurcanu

TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

16	+
ALDE	Beatriz Becerra Basterrechea, Cecilia Wikström,
ECR	Urszula Krupa, Notis Marias, Eleni Theocharous
EFDD	Eleonora Evi
GUE/NGL	Kostadinka Kuneva, Ángela Vallina
NI	Rikke-Louise Karlsson
S&D	Andrea Cozzolino, Miriam Dalli, Marlene Mizzi, Gabriele Preuß
VERTS/ALE	Margrete Auken, Ana Miranda, Miroslavs Mitrofanovs

0	-

8	0
PPE	Asim Ademov, Pál Csáky, Peter Jahr, Svetoslav Hristov Malinov, Lukas Mandl, Julia Pitera, Adam Szejnfeld, Mihai Țurcanu

Eochair na siombailí:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh